

SONRAÍOCHT AN DUINE

Cáilíochtaí agus Incháilitheacht:

Cáilíochtaí:

- Ní mór d'iarrthóirí na riachtanais ghinearálta agus speisialta a leagann Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann amach ó am go chéile don ábha(i)r atá fógartha a chomhlíonadh. Tá tuilleadh sonraí agus liosta iomlán de na cáilíochtaí atá aitheanta ar fáil ar www.teachingcouncil.ie
- D'fhéadfadh iarrthóirí atá i mbun na bliana deireanaí dá gcéim/diplóma iarchéime a mbeidh cáilíocht mhúinteoireachta mar thoradh air, ach nach nach bhfuil na scrúduithe deiridh críochnaithe fós acu agus/nó torthaí faighte acu, cur isteach ar fholúntais fógartha, faoi réir ag na forálacha maidir le clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta atá leagtha amach thíos. Déanfar aon tairiscint agallaimh nó fostaíochta ar an mbunús go gcomhlíonfaidh torthaí an iarrthóra riachtanais an fholúntais.

Clárú le Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann (Riachtanach):

- Ní mór d'iarrthóirí clárúchán reatha a bheith acu le Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann
- Cuirfidh iarrthóirí Teastas Clárúcháin reatha ar fáil, nó deimhniú go bhfuil siad cláraithe.
- Déanfar breithniú don ghearrliosta ar iarrthóirí atá nuacháilithe agus (i) a bhfuil a gcáilíochtaí san áireamh ar liosta na gcáilíochtaí aitheanta atá ag an gComhairle Mhúinteoireachta agus (ii) atá in ann a chruthú go bhfuil iarratas déanta acu don Chomhairle Mhúinteoireachta le haghaidh a gcláraithe.
- Ní ghlacfar ach le deimhniú scríofa nó ríomhphoist ón gComhairle Mhúinteoireachta go bhfuil iarratas clárúcháin déanta ag iarrthóir mar chruthúnas go bhfuil an t-iarratas déanta. Ní leor an litir a eísíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána mar chruthúnas go bhfuil iarratas déanta.

Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána:

- Moltar d'iarrthóirí iarratas a dhéanamh don Chomhairle Mhúinteoireachta 3 mhí ar a laghad sula ndéanann siad iarracht fostaíocht a fháil chun a chinntiú go bhféadfaí a nGrinnfhiosrúchán a eagrú go tráthúil.
- Ní ceadmhach do mhúinteoir ar bith dul isteach i bpost gan imréiteach sásúil a bheith faighte ón Garda Síochána. Mura bhfuil imréiteach faighte ón Garda Síochána faoin am a bhfuil an post atá fógartha le tosú, tarraingeofar siar an tairiscint fostaíochta.
- Ní mór do dhuine ar bith atá le ceapadh do phost mhúinteoireachta d'fhad ar bith Dearbhú Reachtúil maidir le cosaint leanaí a chur ar fáil mar aon le Gealltanas gaolmhar, murar cuireadh ceann ar fáil i rith na bliana féilire roimhe sin.

Cead Oibriú in Éirinn:

- Ní mór do gach iarrthóir a bheith i dteideal oibriú in Éirinn. Ní mór cead oibre bailí a bheith acu siúd nach náisiúnaigh iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (mura bhfuil siad díolmhaithe), agus ní mór dóibh doiciméadúchán bunaidh den chéanna a chur ar fáil.



gretb

Bord Oideachais agus Oiliúna
na Gaillimhe agus Ros Comáin
*Galway and Roscommon
Education and Training Board*

Príomhscileanna, Eolas agus Inniúlachtaí

- Déanfar iarrthóirí a mheas ag agallamh bunaithe ar an bhfianaise atá curtha ar fáil faoina scileanna, eolas agus inniúlachtaí i ngach ceann de an réimsí atá liostáilte thíos. Tá tuilleadh sonraí faoi gach ceann de na réimsí sin san áireamh sa doiciméad “Cur Síos ar Phost an Mhúinteora”.

-Múineadh agus foghlaim

-Bainistíocht an tSeomra Ranga & na Timpeallachta Foghlama

-Forbairt & Cleachtas Proifisiúnta

-Meastóireacht

-Cumarsáid

-Pleanáil

Múinteoirí Ábhair Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin – Cur Síos ar an bPost

Tá an scoil dírithe go príomha ar mhúinteoireacht agus ar fhoghlaim. Cothaíonn múinteoireacht mhaith foghlaim, dul chun cinn agus taitneamh, agus is tríthi a thiocfaidh ardú ar chaighdeán. Is é an cuspóir atá againn, mar sin, ná a chinntiú go bhfuil rochtain ag gach dalta ar oideachas ar ardchaighdeán a chuirfidh ar a gcumas a n-acmhainneacht foghlama ina hiomlán a bhaint amach. Táimid ag tnúth le cultúr scoile a fhorbairt ina bhfuil spéis ag na múinteoirí féin i bhfoghlaim, ina ngabhann siad le cleachtas machnamhach agus ina mbíonn siad ag déanamh measúnaithe ar a gcleachtas proifisiúnta agus á fhorbairt ar bhonn leanúnach, agus tacaíocht á tabhairt dóibh chun déanamh amhlaidh.

Múinteoireacht agus foghlaim

Ba cheart do mhúinteoirí a ndícheall a dhéanamh chun ceachtanna sármhaithe a thabhairt trí na bearta seo a leanas a ghlacadh:

- Eolas faoi na hábhair a athnuachan ar bhonn leanúnach, na cúrsaí atá á dtabhairt acu a thuiscint, agus úsáid a bhaint as tionscnaimh reatha mhúinteoireachta agus foghlama ionas go bhféadfaí a saineolas a roinnt le daltaí agus, ar an gcaoi sin, iad a spreagadh, a ndúshlán a thabhairt agus a ndul chun cinn a chinntiú.
- Cinntiú go mbaineann siad úsáid as gnóthachtaí roimhe sin agus as gach sonra eile atá ar fáil chun a bheith ar an eolas faoi chumais agus faoi shainriachtanais foghlama gach dalta ina gcuid ranganna. Fágfaidh sé sin go bpleanálfaidh siad ceachtanna, go ndéanfaidh siad idirdhealú idir gníomhaíochtaí agus go n-implonódh siad tacaíocht go cuí ionas go mbeidh gach dalta in ann rochtain a fháil ar an gcuraclam, dul chun cinn maith a dhéanamh agus a ndúshlán a bheith tugtha beag beann ar a gcumas.
- Ceachtanna atá struchtúrtha agus a bhfuil luas maith fúthu a phleanáil. Bainfidh na ceachtanna sin úsáid as réimse leathan gníomhaíochtaí agus acmhainní spéisiúla agus samhlaíocha, lena n-áirítear úsáid teicneolaíochta nuair a fheileann sé, chun go gcoinneofar rannpháirtíocht, aire, inspreagadh agus dúthracht na ndaltaí.
- Cuspóirí foghlama atá soiléir agus dúshlánach agus atá nasctha le curaclaim na n-ábhar a shocrú, agus cinntiú go roinnfear na cuspóirí sin le daltaí agus go ndéanfar athbhreithniú orthu i rith an cheachta sa chaoi is go mbeidh daltaí in ann glacadh le níos mó freagrachta as a ndul chun cinn féin a chinntiú.
- Raon leathan teicnící measúnaithe foirmitheacha a úsáid chun seiceáil éifeachtach a dhéanamh ar thuiscint daltaí i rith an cheachta, a bheith ag coinne leis an am ar cheart dóibh idirghabháil, agus an idirghabháil sin a dhéanamh ar bhealach a mbíonn tionchar suntasach aici ar chaighdeán na foghlama.
- Éascaíocht a dhéanamh do dhaltaí freagracht a ghlacadh as a gcuid foghlama féin trí dheiseanna a thabhairt dóibh oibriú astu féin go neamhspleách agus oibriú i bpáirt lena gcomhghleacaithe.
- Atmaisféar foghlama dearfach agus táirgiúil a chothú ina léiríonn na daltaí meonta maithe i leith a gcuid oibre féin agus ina léiríonn siad meas ar mhúinteoirí agus ar a gcomhghleacaithe araon.

- Tarlúintí araíonachta a bhainistiú go suaimhneach, pionóis agus luaíochtaí Chód Iompair na scoile a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair is cuí, agus moladh agus atreisiú dearfach a thabhairt chun féinmheas, inspreagadh agus muinín a chothú.
- Aiseolas mionsonraithe rialta a thabhairt d'fhoghlaimoirí, ó bhéal agus trí mheasúnú foirmitheach ionas go mbeidh a fhios acu cé chomh maith is atá ag éirí leo agus na chéad chéimeanna eile atá de dhíth chun an dul chun cinn a chothabháil.

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Táthar ag súil go ngabhfaidh gach múinteoir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach na scoile, an Bhord Oideachais agus Oiliúna agus mar atá sainordaithe go náisiúnta, mar atá mionsonraithe thíos

Tá sé mar aidhm againn tacú le múinteoirí chun múinteoireacht agus foghlaim den scoth a bhaint amach trí na nithe seo a leanas:

- Oiliúint ar ardchaighdeán a sholáthar sa scoil. Díreoidh an oiliúint sin ar ghné faoi leith de mhúinteoireacht agus foghlaim gach bliain ach cinnteofar freisin go mbeidh conairí forbartha proifisiúnta atá pearsantaithe ar fáil freisin chun go gcuirfear ar chumas gach ball foirne a spriocanna pearsanta i bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach mar a leagtar síos ag tús gach bliain iad a chur i gcrích.
- Deiseanna a eagrú do chomhghleacaithe oibriú le chéile chun deachleachtas a roinnt laistigh dár scoil féin agus, sa chás gur cuí, le baill foirne i scoileanna áitiúla eile.
- Cead a thabhairt do chomhghleacaithe freastal ar oiliúint sheachtrach atá nasctha go sonrach lena spriocanna pearsanta i bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach nó lena dTosaíochtaí Feabhsúcháin Ábhair.
- Spreagadh a thabhairt do chomhghleacaithe úsáid a bhaint as breathnóireacht piaraí nó as teicneolaíocht físeáin chun múinteoireacht agus foghlaim a mheas ina seomra ranga.
- Cóitseáil agus meantóireacht a chur ar fáil nuair is cuí.
- Grúpa múinteoireachta agus foghlama a bhunú a fhanfaidh ar an eolas maidir le tionscadail mhúinteoireachta agus foghlama reatha agus le taighde cheannródaíoch; triail a bhaint as smaointe nua sa seomra ranga, a dtionchar a mheas agus a bhfionnachtana a scaipeadh ar a gcomhghleacaithe

Feabhsúchán Scoile

Chun múinteoireacht agus foghlaim ar ardchaighdeán a chinntiú, tá sé mar aidhm ag an bhFoireann Shinsearach Cheannaireachta agus ag Ceannairí Ábhair oibriú i gcomhpháirt chun athbhreithniú ar bhonn leanúnach a dhéanamh ar ár soláthar agus ár gcleachtas ionas go mbeimid in ann na caighdeáin is airde a dheimhniú agus feabhas a bhrú chun cinn. Tá sé mar aidhm againn úsáid a bhaint as an bpróiseas Féinmheasúnaithe Scoile mar bhealach chun tacú le comhghleacaithe lena bhfeabhas pearsanta ionas go mbeidh siad in ann barr feabhais a bhaint amach ina ról laistigh den scoil.

Cuirfimid diansceideal i dtoll a chéile chun tacú leis an bpróiseas féinmheasúnaithe seo, agus éileofar ar gach múinteoir gabháil leis:

- Casfaidh Ceannairí Ábhair agus an Fhoireann Shinsearach Cheannaireachta le chéile ar bhonn rialta, ar a laghad uair amháin gach téarma, agus oibreoidh siad i dtreo clár ama comhaontaithe
- Seolfaidh Réimsí ábhair féinmheasúnú ar mhúinteoireacht agus ar fhoghlaim ar a laghad uair amháin in aghaidh na bliana
- Lorgóidh Réimsí ábhair tuairim na ndaltaí ar a laghad uair amháin in aghaidh na bliana chomh maith le haiseolas neamhfhoirmeálta leanúnach mar chuid den mhúinteoireacht agus den fhoghlaim
- Seolfaidh an Fhoireann Shinsearach Cheannaireachta measúnú inmheánach ar gach réimse ábhair ar a laghad gach dhá bhliain mar chuid dá ngnáthaimh scoile féinmheasúnaithe
- Déanfaidh ball den Fhoireann Shinsearach Cheannaireachta breathnóireacht fhoirmeálta ar mhúinteoirí ar a laghad uair amháin in aghaidh na bliana trí úsáid a bhaint as an bhformáid breathnóireachta ceachta
- Beidh deis ag gach múinteoir breathnóireacht a dhéanamh ar chomhghleacaí eile ar a laghad uair amháin in aghaidh na bliana.

Cúram Tréadach

D'fhéadfaí iarraidh ar mhúinteoirí feidhmiú mar Chaomhnóir Ranga ionas go gcabhróidh siad le forbairt phearsanta gach dalta agus go ndéanfaidh siad monatóireacht ar leas daltaí agus ar a ngnóthachtáil acadúil.